An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN ÚDARÁIS PINSEAN, 2025

www.pensionsauthority.ie

# CLÁR NA nÁBHAR


Ráiteas an Chathaoirligh 3

An tÚdarás Pinsean 5

Cuspóirí an Údaráis a chomhlíonadh 6

Forbairt beartais 9

Faisnéis tacaíochta agus treoir 10

Tuairisciú riachtanach 11

Coiste an Údaráis 13

**Na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025**

Ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis 15

Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) 19

Ráiteas maidir le rialú inmheánach 21

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 23

Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe 25

Ráiteas ar ioncam cuimsitheach 26

Ráiteas ar staid an airgeadais 27

Ráiteas ar shreafaí airgid 28

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais 29



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór agam tuarascáil bhliantúil agus cuntais an Údaráis Pinsean (an tÚdarás) a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 de réir Alt 23(2) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú (an tAcht).

## Freagrachtaí an Údaráis Pinsean

Déanann an tÚdarás scéimeanna pinsin ceirde agus cuntais coigiltis scoir phearsanta a rialáil in Éirinn, rudaí is fiú níos mó ná €162 billiún de choigiltí scoir san iomlán. Is cuid an-tábhachtach de phleananna scoir go leor daoine aonair na coigiltí sin, agus is é is cuspóir do mhaoirseacht an Údaráis ná dea-thorthaí a bhaint amach do na ranníocóirí trí mhaoirseacht a dhéanamh ar iontaobhaithe agus ar sholáthraithe CCSPanna.

Braitheann na dea-thorthaí sin ar na daoine a bhainistíonn pinsin thar ceann coigilteoirí, ar iontaobhaithe scéimeanna pinsin ceirde agus ar sholáthraithe CCSPanna. Tá sé de cheart ag coigilteoirí a bheith ag súil le socruithe dea-bhainistithe, le hinfheistíochtaí cuí agus le cumarsáid shoiléir inléite a chabhraíonn le baill cinntí maithe a dhéanamh, agus is iad sin tosaíochtaí an Údaráis.

## Athruithe ar phinsin in Éirinn

Nuair a trasuíodh IORP II isteach i reachtaíocht phinsin na hÉireann in 2021, cuireadh tús le sraith athruithe ar earnáil na bpinsean in Éirinn, atá ar siúl fós. Tháinig deireadh i mí Aibreáin 2026 leis an maolú cúig bliana a bhí ar na hoibleagáidí nua maidir le socruithe aonbhaill a bhí ann cheana. Tá an tÚdarás tar éis dul i dteagmháil go fairsing le riarthóirí agus le hiontaobhaithe d'fhonn tacú leis an obair shuntasach atá déanta cheana féin chun a chinntiú go gcomhlíonann scéimeanna pinsin na hoibleagáidí comhlíontachta atá orthu, agus tá an obair sin ag leanúint ar aghaidh. Mar sin féin, tá iontaobhaithe ann fós a bhfuil teipthe orthu tabhairt faoin bpróiseas comhlíontachta agus an baol ann dá bharr sin go gcuirfeadh an tÚdarás an dlí orthu.

## Maoirseacht réamhbhreathnaitheach rioscabhunaithe

Bhí plé ag an Údarás le scéimeanna pinsin ceirde agus le soláthraithe CCSPanna le linn na bliana agus modhanna éagsúla maoirseachta á n-úsáid aige, ina measc an próiseas athbhreithnithe maoirseachta, iniúchtaí agus athbhreithnithe deasc-bhunaithe, iarrataí ar shonraí agus cruinnithe rannpháirtíochta.

Níos luaithe in 2026, d'fhoilsigh an tÚdarás an tuarascáil ar ghníomhaíochtaí maoirseachta do 2025. Cé gurb annamh a bhíonn aon cheist ann faoi thiomantas nó intinn mhaith iontaobhaithe scéime, bhí easnaimh shuntasacha rialachais i roinnt scéimeanna pinsin mar sin féin. Is léiriú iad na heasnaimh sin ar easpa feasachta agus machnaimh ar rioscaí ar thaobh na n-iontaobhaithe, agus d'fhéadfaidís tionchar a bheith acu ar thorthaí na mball. Tá sé riachtanach go nglacfadh na hiontaobhaithe go léir dearcadh cuimsitheach ar na freagrachtaí atá orthu, agus go dtabharfadh siad aird ghéar ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu agus ar an treoir a eisíonn an tÚdarás.

## Reachtaíocht údaraithe maidir le scéimeanna pinsin

Fáiltíonn an tÚdarás roimh rún an Aire Coimirce Sóisialaí, Dara Calleary TD, reachtaíocht a thabhairt isteach le foráil a dhéanamh do chóras údaraithe le haghaidh scéimeanna pinsin. Cuirfidh sé sin creat solúbtha ar fáil le haghaidh maoirseacht réamhbhreathnaitheach rioscabhunaithe ar phinsin, creat a bheidh ina

léiriú ar an timpeallacht níos casta atá roimh an Údarás agus roimh iontaobhaithe scéime araon.

## An Eoraip

Bíonn feidhm ag go leor rialachán agus treoracha airgeadais ón AE ar gach institiúid airgeadais, lena n-áirítear pinsin. Is léiriú é sin ar an dearcadh go bhfuil na daoine siúd atá ag coigilt le haghaidh a dtréimhse scoir i dteideal cosanta agus maoirseachta nach lú ná mar atá coigilteoirí eile. Is é an toradh ar an timpeallacht seo atá ag éirí níos casta an t-am ar fad go bhfuil níos mó ama agus gairmiúlachta ag teastáil do bhainistiú agus riar pinsean, agus leanfar den treocht seo agus léireofar í in ionchais mhaoirseachta.

Leanann an tÚdarás de bheith i mbun oibre go gníomhach leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA) agus le hinstitiúidí eile de chuid an AE lena chinntiú go gcomhlíonaimid na hoibleagáidí atá orainn mar údarás inniúil náisiúnta agus go n-oibrímid chun córas maoirseachta pinsean atá níos sábháilte, níos cobhsaí agus níos comhsheasmhaí a chruthú, a thacaíonn le tairbhithe coigiltis pinsin agus a théann chun tairbhe dóibh.

Ceapadh Ceann Straitéise agus Gnóthaí Idirnáisiúnta san Údarás le déanaí, rud is léiriú ar an dinimic sin atá ag teacht chun cinn agus a fheabhsaíonn ár gcumas dul i gcomhar le hinstitiúidí an AE agus le maoirseoirí náisiúnta agus údaráis inniúla eile.

## An tUathrollú

Tugann an tÚdarás dá aire gur cuireadh tús le córas cláraithe uathoibríoch an Rialtais, MyFutureFund, mar ghné bhreise de thimpeallacht na bpinsean in Éirinn amach anseo. Ag tosú in 2026, agus i gcomhréir leis an Acht um Chóras Uathrollaithe Coigiltis Scoir, 2024, ullmhóidh an tÚdarás tuarascáil mhaoirseachta gach bliain lena cur faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí maidir le feidhmíocht agus oibriú an Údaráis Náisiúnta um Uathrollú Coigiltis Scoir, is é sin an comhlacht oibriúcháin agus rialála le haghaidh MyFutureFund.

## Rialachas

Is eol dom féin agus do chomhaltaí eile an Údaráis go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go mbainistítear an eagraíocht go maith agus go bhfuil sí chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

Tá an tÚdarás faoi réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus an chomhaontaithe maoirseachta atá i bhfeidhm leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus cloíonn leo. I gcomhréir le ceanglais an Chóid, rinneadh meastóireacht sheachtrach ar fheidhmiú bhord an Údaráis i Ráithe 4, 2025. Tríd is tríd, fuarthas amach mar thoradh ar an meastóireacht sheachtrach go gcoimeádtar caighdeáin ardleibhéil rialachais san Údarás agus go bhfuil tiomantas ann ag leibhéil an Údaráis agus an Choiste Gnó araon na hardchaighdeáin sin a choinneáil.

Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo mionsonraí faoin gcaoi ar bainistíodh agus ar ritheadh an tÚdarás in 2025, agus faoin gcaoi ar comhlíonadh ár n-oibleagáidí.

## Tátal

Thar mo cheann féin, thar ceann mo chuid comhghleacaithe ar an Údarás, agus thar ceann fhoireann an Údaráis, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, an Dr David Begg, as an Údarás a stiúradh go stuama le deich mbliana anuas. Tar éis dó dhá théarma cúig bliana a chur isteach mar Chathaoirleach ar an Údarás, d'éirigh David as a ról go luath in 2026. Rinneadh méid oibre nár bheag ar athchóiriú agus claochlú thimpeallacht na bpinsean agus ar mhaoirseacht ar phinsin in Éirinn le linn na tréimhse sin, rud a rachaidh chun leasa daoine atá ag coigilt dá dtréimhse scoir go ceann i bhfad.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire agus leis na hoifigigh sa Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá rath shaothar an Údaráis ag brath go mór ar an gcaidreamh leo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Rialtóir Pinsean freisin, le foireann an Údaráis agus le comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca as an obair chrua agus as a ngairmiúlacht i rith 2025.



**Fiona Tierney**
Cathaoirleach

# AN tÚDARÁS PINSEAN

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí, agus beirt ghnáthchomhaltaí. Maireann téarma oifige comhalta den Údarás cúig bliana.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis an 31 Nollaig 2025:



An Dr David Begg*
Cathaoirleach



Deirdre Shanley, Uas.
Rúnaí Cúnta, An Roinn Coimirce Sóisialaí (Ionadaí don Aire Coimirce Sóisialaí)



An tUasal Michael J. McGrath
Rúnaí Cúnta, An Roinn Airgeadais (Ionadaí don Aire Airgeadais)

**Tháinig deireadh lena chathaoirleacht an 12 Aibreán 2026.*

Déantar an chinnteoireacht laethúil a tharmligean do bhaill foirne faoi mhaoirseacht ghníomhach an Údaráis. Is é seo a leanas foireann bainistíochta sinsearaí an Údaráis:



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean



Andrew Nugent
Stiúrthóir Maoirseachta, Beartas agus Dlí



John Gethin
Stiúrthóir Straitéise, TF, Sonraí agus Oibríochtaí



Pat O'Sullivan
Ceann na Maoirseachta ar Scéimeanna le Sochar Sainithe



Ger Clarke
Ceann na Maoirseachta ar Oll-iontaobhais



Eoin Cassells
Ceann na Maoirseachta ar Scéimeanna le Ranníocaíocht Sainithe



Mary Broderick
Ceann Beartais



P J Kelly
Ceann TF agus Sonraí



Lydia Leonard
Ceann Dlí



David Malone
Ceann Oibríochtaí

# CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A CHOMHLÍONADH

## Maoirseacht réamhbhreathnaitheach rioscabhunaithe

Bhí plé ag an Údarás le roinnt mhaith scéimeanna pinsin ceirde le linn na bliana agus modhanna éagsúla maoirseachta á n-úsáid aige, ina measc an próiseas athbhreithnithe maoirseachta, iniúchtaí agus athbhreithnithe deasc-bhunaithe, iarrataí ar shonraí agus cruinnithe rannpháirtíochta.

Anois agus é beartaithe reachtaíocht a thabhairt isteach le foráil a dhéanamh don údarú scéimeanna pinsin, tá tús curtha ag an Údarás le hobair ar chreat le haghaidh próiseas údaraithe. Is é is cuspóir don obair sin ná go mbeidh tuiscint shoiléir ag iontaobhaithe scéime ar na caighdeáin a mbeidh orthu a chomhlíonadh chun údarú a fháil, agus cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an chaoi a mbainistíonn siad scéimeanna faoi láthair na caighdeáin sin.

In 2025, rinne an tÚdarás athbhreithnithe maoirseachta ar roinnt scéimeanna pinsin, agus tá na torthaí mionsonraithe leagtha amach sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí maoirseachta do 2025 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Tá an tÚdarás ag súil go n-úsáidfidh iontaobhaithe na torthaí atá leagtha amach sa tuarascáil sin chun measúnú a dhéanamh ar rialachas ina scéim féin agus chun tosú ag ullmhú don údarú freisin. Beidh dlúthbhaint idir torthaí na n-athbhreithnithe sin agus na gníomhartha agus na hiompraíochtaí a bheidh ag teastáil ó iontaobhaithe chun go mbeidh scéimeanna in ann leanúint de na caighdeáin riachtanacha a chomhlíonadh agus údarú a choinneáil.

Fuair roinnt de na scéimeanna a ndearnadh athbhreithniú orthu in 2025 torthaí sna catagóirí “ard” nó “meánach/ard”, rud a d’fhág go raibh gá le bearta ceartaitheacha. Cé go bhfuil iontaobhaithe na scéimeanna sin go léir tar éis dul i ngleic cheana féin leis na torthaí sin nó tar éis gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad amhlaidh sa ghearrthéarma, is cúis imní thromchúiseach é fós féin go raibh na fadhbanna sin ann agus nach ndearna na hiontaobhaithe féin iad a shainaithint ná a leigheas. Leagtar amach go mion sa tuarascáil na fadhbanna ba shuntasaí, ach tá roinnt téamaí coitianta ann:

- Cleachtais laga rialachais – mainneachtain cinntí a glacadh, agus gníomhartha leantacha, a dhoiciméadú.
- Easnaimh ó thaobh bainistíocht riosca de, agus go háirithe, measúnuithe féin-riosca a bhí easnamhach.
- Maoirseacht easnamhach ar riarachán, lena n-áirítear comhaontuithe leibhéil seirbhíse nárbh ann dóibh nó mainneachtain monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme.
- Easnaimh ó thaobh socrú, monatóireacht agus doiciméadú cuspóirí infheistíochta de.
- Bainistiú agus doiciméadú lag agus easnamhach ar choinbhleachtaí leasa.
- Maoirseacht lag ar chomhaontuithe seachfhoinsithe.

Ba chóir d’iontaobhaithe gach scéime measúnú oibiachtúil a dhéanamh orthu féin ó thaobh comhlíontachta de faoi na téamaí sin agus beart a dhéanamh láithreach le dul i ngleic le haon fhadhbanna.

## Próiseas athbhreithnithe maoirseachta 2025

Le hAlt 26J d’Acht na bPinsean (an tAcht), ceanglaítear ar an Údarás próiseas athbhreithnithe maoirseachta (SRP) a dhéanamh ar na straitéisí, próisis agus nósanna imeachta tuairiscithe arna mbunú ag iontaobhaithe scéimeanna pinsin. Is é is ábhar don phróiseas ná measúnú arna dhéanamh ag an Údarás ar chóras rialachais scéime, na rioscaí atá roimh an scéim agus cumas na scéime na rioscaí sin a bhainistiú. Faoin bpróiseas, ceanglaíodh ar scéimeanna sonraí agus doiciméid chuimsitheacha a chur faoi bhráid an Údaráis, agus rinne foirne maoirseachta ar leith measúnú orthu sin. Tugadh cuireadh do na hiontaobhaithe freastal ar chruinniú foirmiúil amháin ar a laghad leis an Údarás freisin.

Chuir an tÚdarás tús le 19 bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta in 2025. Roghnaíodh sé oll-iontaobhas, sé scéim le sochar sainithe agus seacht scéim le ranníocaíocht shainithe le dul faoin bpróiseas. Rinneadh obair shuntasach mhonatóireachta freisin i leith na ngníomhartha leigheasacháin a sainaithníodh

mar thoradh ar na hocht bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta a tugadh chun críche in 2024.

Tugann na torthaí SRP le tuiscint go bhfuil roinnt mhaith de cheanglais an Achta agus an Chóid Chleachtais d'iontaobhaithe á gcomhlíonadh ag na hiontaobhaithe. Mar sin féin, tá roinnt réimsí ann nach mór do bhoird iontaobhaithe breis airde a dhíriú orthu, mar a leagtar amach i dtuarascáil an Údaráis ar ghníomhaíochtaí maoirseachta, 2025.

## Comhdhlúthú scéimeanna pinsin

Bhí cruinnithe rialta ag an Údarás le linn na bliana le comhlachtaí árachais saoil, le riarthóirí cláraithe agus le riarthóirí comhlachtaí gairmiúla iontaobhais d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chomhdhlúthú scéimeanna agus aon cheisteanna nó bacainní a phlé. Iarradh ar sholáthraithe miondealú ar na scéimeanna a bhí acu a chur isteach, iad curtha ina gcatagóirí comhaontaithe, chun gníomhaíocht spriocdhírithe bhreise a éascú. Ó na liostaí sin, shainaithin riarthóirí scéimeanna neamhfhreagracha, agus scríobh an tÚdarás chuig fostóirí chun faisnéis a iarraidh agus d'fhonn gníomhú a spreagadh.

Meastar go laghdóidh líon na socruithe aonbhaill atá cláraithe leis an Údarás go suntasach in 2026, tráth a rachaidh an maolú ar oibleagáidí Threoir IORP II in éag i mí Aibreáin 2026. Díreach cosúil le gach scéim pinsin ábhartha eile, beidh ar aon socrú aonbhaill a leanfaidh ar aghaidh tar éis Aibreán 2026 a bheith i lán-chomhréir leis an Acht.

## Maoirseacht agus forfheidhmiú CCSP

Rinne an tÚdarás, i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim, 10 dtáirge nua CCSP a cheadú in 2025 (2 tháirge CCSP chaighdeánacha agus 8 dtáirge CCSP neamhchaighdeánacha). Diúltaíodh d'iarratas nua amháin i leith táirge CCSP (CCSP neamhchaighdeánach) de dheasca an struchtúir coimeádaíochta a bhí beartaithe.

Chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú ar shonraíochtaí na dtáirgí atá ag soláthraithe CCSPanna in 2025 agus é mar aidhm aige a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil na táillí agus na muirir atá á gcur i bhfeidhm ar CCSPanna ranníocóirí i gcomhréir leis na sonraíochtaí táirge agus a chinntiú go bhfuil CCSPanna ag feidhmiú de réir mar atá ceadaithe ag an Údarás. Tá an t-athbhreithniú sin ar siúl go fóill agus é le cur i gcrích in 2026.

## Maoirseacht ar riarthóirí cláraithe agus forfheidhmiú

Chuir an tÚdarás an próiseas athnuachana bliantúil maidir le riarthóirí cláraithe i gcrích. Próiseáladh 84 athnuachan, rinneadh iarratas nua amháin le clárú mar riarthóir agus foirceannadh clárú trí riarthóir. Rinneadh iniúchadh amháin ar an láthair ar Riarthóir Cláraithe mór mar thoradh ar laigí oibríochtúla a sainaithníodh agus bhí plé fairsing ann le Riarthóir Cláraithe eile maidir le roinnt sáruithe comhlíontachta ar leith.

## Imscrúduithe maoirseachta fhrithghníomhacha

Tugadh 15 imscrúdú ar aghaidh go 2025 agus osclaíodh 26 cás eile le linn na bliana. Bhain formhór na n-imscrúduithe a osclaíodh in 2025 le líomhaintí nár íocadh ranníocaíochtaí. Tugadh 26 cás chun críche in 2025, agus tá 15 chás fós ar siúl.

## Monatóireacht agus maoirseacht fhrithghníomhach ar scéimeanna le sochar sainithe

In 2025, leanadh de bheith ag díriú ar thuairisceáin bhliantúla airgeadais arna gcur isteach ag scéimeanna le sochar sainithe. Tá an seasamh maoinithe ar an iomlán fós fabhrach agus tá formhór na scéimeanna le sochar sainithe ag cloí go hiomlán leis an gcaighdeán maoinithe.

Le linn na bliana, bhí plé ag an Údarás leis na Riarthóirí Cláraithe a bhfuil curtha de chúram orthu ag boird iontaobhaithe scéimeanna le sochar sainithe a fhoirceannadh, d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scéimeanna sin á bhfoirceannadh gan moill mhíchuí.

## Plé le pinsin na seirbhíse poiblí

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag plé le scéimeanna earnála poiblí ar leith i gcaitheamh 2025, agus dhírigh sé ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhain le faisnéis a nochtadh agus sochair a íoc go tráthúil.

## Ionchúisimh

Bhí cás ionchúisimh amháin ag dul ar aghaidh go gníomhach in 2025. Thug an tÚdarás cead chun dul chun dlí i dtrí chás eile in 2025, agus tá dátaí cúirte socraithe anois in 2026 le haghaidh na gcásanna sin.

## Córas TF agus sonraí a fhorbairt

Tá ardán maoirseachta TF nua an Údaráis, an Córas Pinsean Comhtháite (IPS), le dul beo in 2026. Mar chuid de chur chun feidhme IPS, tá an tÚdarás ag cur oiliúna ar fáil agus ag obair le húsáideoirí seachtracha san earnáil chun aistriú réidh a chinntiú ón gClár Sonraí Pinsin (PDR) go dtí IPS.

In 2026, cuirfidh an tÚdarás córas taifeadta agus tuairiscithe sonraí bunaithe ar XBRL i bhfeidhm chun tacú le hoibleagáidí an Údaráis maidir le bailiú, bailíochtú, anailís agus cur isteach sonraí caighdeánaithe agus, ar an gcaoi sin, oibleagáidí AE a chomhlíonadh.

Tá an tÚdarás faoi réir oibleagáidí tuairiscithe rialála faoi chreatlacha arna mbunú ag an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA). Is é is cuspóir don Údarás ná a chinntiú go mbeidh córais láidre aige agus go dtacóidh siad le maoirseacht agus beartas réamhbhreathnaitheach rioscabhunaithe. Tacaíonn an córas tuairiscithe atá bunaithe ar XBRL le straitéis an Údaráis maoirseacht atá bunaithe ar shonraí agus comhlíonadh rialála a neartú.

Beidh an tÚdarás ag bailiú níos mó sonraí ó scéimeanna pinsin, agus caithfear na sonraí sin a chur i láthair ar bhealach níos tráthúla agus níos minice ná mar a dhéantar faoi láthair. Beidh ar iontaobhaithe a chinntiú gur féidir lena gcórais riaracháin sonraí tráthúla agus cruinne a sholáthar sna formáidí riachtanacha. Is iad na hiontaobhaithe atá freagrach, ar deireadh thiar, as na sonraí a sheoltar thar a gceann chuig an Údarás.

Lean an tÚdarás air ag cur lena chumas san Fhaisnéis Ghnó in 2025, rud a fheabhsóidh inniúlachtaí anailísíochta sonraí agus tuairiscithe an Údaráis amach anseo.

Chuir an tÚdarás bonneagar crua-earraí TF nua i bhfeidhm in 2025, rud a mhéadaigh a acmhainn agus a d'fheabhsaigh a fheidhmíocht, iomarcaíocht agus cumas sa leanúnachas gnó agus san athshlánú ó thubaiste. Tá an chibearshlándáil fós ina tosaíocht i gcónaí, agus tá ardchosaint ar bhagairtí, uirlisí bainistíochta aitheantais agus rochtana, agus réitigh chomhlíontachta curtha i bhfeidhm ag an Údarás. Mar chuid de straitéis bonneagair TF an Údaráis don am atá le teacht, beifear ag aistriú chuig an néal d'fhonn cur le cumas, lúfaireacht agus slándáil tuilleadh.

# FORBAIRT BEARTAIS

Le linn na bliana:

- chuir an tÚdarás obair chun cinn ar an reachtaíocht údaraithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Airgeadais chun comhaontú a fháil ar an idirghníomhaíocht amach anseo idir an próiseas údaraithe agus próiseas ceadaithe na gCoimisinéirí Ioncaim;
- lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Idir-rannach um Athchóiriú agus Cánachas Pinsean agus chuir tascanna chun cinn chun conclúidí Thuarascáil an Ghrúpa a chur i bhfeidhm. Chuaigh sé isteach i bhfoghrúpa an Ghrúpa chomh maith maidir le rialáil Iontaobhas Aonad Díolmhaithe, foghrúpa atá le tuairisc a thabhairt don Aire Airgeadais in LB1 2027;
- reáchtáil an tÚdarás comhairliúchán poiblí maidir le tarraingt anuas laistigh de scéimeanna. Bhí an obair seo mar chuid de chur i bhfeidhm Thuarascáil an Ghrúpa Idir-rannaigh um Athchóiriú agus Cánachas Pinsean agus thabharfadh moladh den sórt sin an rogha do bhaill de scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe fanacht ina scéim pinsin agus sochair a tharraingt anuas tar éis dóibh dul ar scor. Tá sé beartaithe ag an Údarás moltaí a fhorbairt agus a chur chun cinn in 2026 maidir le tarraingt anuas laistigh de scéimeanna a rialáil, agus na moltaí sin a chur faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí ansin.
- chuir an tÚdarás cúnamh teicniúil ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí ar shaincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear nochtaí CCSP, píosaí éagsúla reachtaíochta agus feidhm a thabhairt do rialacháin ón AE in Éirinn;
- reáchtáil an tÚdarás comhairliúchán poiblí agus suirbhé spriocdhírithe ar iontaobhaithe maidir le holl-iontaobhais le sochar sainithe in 2025. Is éard ba chuspóir don chomhairliúchán ná a dhéanamh amach an bhféadfadh margadh oll-iontaobhas le sochar sainithe oibriú go réalaíoch agus cén chaoi a bhféadfaí é a rialáil dá dtabharfaí isteach a leithéid;
- ghlac an tÚdarás páirt i ngníomhaíochtaí de chuid Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA) agus d'fhreastail ar chruinnithe éagsúla de chuid EIOPA, lena n-áirítear an Coiste Stiúrtha Beartais, an Coiste um Riosca agus Cobhsaíocht Airgeadais agus líonra saineolaithe 7 (pinsin). D'fhreastail an tÚdarás ar fhóraim idirnáisiúnta eile freisin agus bhí plé aige le rialtóirí eile;
- rinne an tÚdarás bainistíocht ar rannpháirtíocht na hÉireann i dtástáil struis IORP 2025 agus chuir i bhfeidhm cur chuige na hÉireann i leith chomhlíonadh ár n-oibleagáidí maidir le tuairisciú na chéad bhliana ar chláir faisnéise de sholáthraithe seirbhísí TFC a éilítear faoi an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil;
- lean an tÚdarás air ag freastal ar chruinnithe de chuid Thascfhórsa TF DORA in 2025. Thuairiscigh sé ar athruithe a bhain leis na Cláir Faisnéise agus le tuairisciú teagmhas, agus d'fhreagair dóibh;
- d'oibrigh an tÚdarás leis an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ar shonraí CCSP. D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh anailís staitistiúil ar CCSPanna i mí na Bealtaine inar nascadh sonraí ón Údarás, ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí d'fhonn tuiscint a fháil ar phróifíl na ranníocóirí CCSP agus ar threochtaí le cúig bliana anuas;
- rinne an tÚdarás comhairliúchán poiblí ar rialacha infheistíochta CCSP i mí Mheán Fómhair 2025 d'fhonn tuairimí a lorg faoi cibé acu ar cheart na rialacha infheistíochta a ailíniú níos mó le scéimeanna pinsin ceirde;
- d'fhoilsigh an tÚdarás staitisticí bliantúla maidir le scéimeanna le sochar sainithe i mí na Samhna agus d'fhreagair iarratais ar shonraí agus ar fhaisnéis ó EIOPA agus ó OECD i gcaitheamh na bliana;
- bhí plé ag an Údarás le páirtithe leasmhara seachtracha i rith na bliana, leithéidí Cumann Achtúirí na hÉireann, Cumann Cistí Pinsin na hÉireann, Cumann Iontaobhaithe Pinsin na hÉireann, soláthraithe pinsean, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Airgeadais, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Banc Ceannais na hÉireann agus na Coimisinéirí Ioncaim; agus
- bhí plé ag an Údarás le hiontaobhaithe, gairmithe i dtionscal na bpinsean agus rialtóirí eile ar raon leathan saincheisteanna pinsin.

# FAISNÉIS TACAÍOCHTA AGUS TREOIR

Tacaíonn an tÚdarás le hiontaobhaithe, soláthraithe CCSP, riarthóirí, fostaithe agus comhairleoirí le faisnéis agus le treoir chun cabhrú leo a n-oibleagáidí faoin Acht a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Fuarthas ní ba mhó ná 11,000 fiosrúchán ginearálta maidir le cúrsaí pinsin agus próiseáil sonraí i gcaitheamh na bliana, agus pléadh leo. Tháinig an chuid ba mhó den 6,478 fiosrúchán ginearálta ar chúrsaí pinsin ó bhaill scéimeanna pinsin. Bhain na hábhair ba choitianta a ndearnadh fiosrúchán ina leith le nochtadh faisnéise, rianú pinsean, sochair scéimeanna san earnáil phoiblí, CCSPnna agus dlí teaghlaigh. Freagraíodh gach fiosrúchán de réir Chairt Custaiméirí an Údaráis agus ní bhfuarthas aon ghearán faoin gcaoi ar pléadh leo.

Ina theannta sin, fuair an tÚdarás 88 iarraidh ar fhaisnéis ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó údaráis náisiúnta in 2025.

I mí Mheán Fómhair 2025, d'óstáil an tÚdarás a Chomhdháil um Maoirseacht ar Phinsin, 2025–2029 sa Seomra Cruinn i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath 2. Faoi thrácht ag an ócáid bhí príomhfhorbairtí in earnáil pinsin na hÉireann, lena n-áirítear comhdhlúthú scéimeanna, cur i bhfeidhm na maoirseachta réamhbhreathnaithí rioscabhunaithe, agus tionchar na n-oibleagáidí rialála ón AE, atá ag dul i méid. Ar théama lárnach freisin bhí cé chomh tábhachtach is atá sé sonraí ardchaighdeáin a bheith ar fáil chun tacú leis na hiarrachtaí maoirseachta sin.

# TUAIRISCIÚ RIACHTANACH

## Nochtuithe cosanta

In 2025, fuair an tÚdarás trí nochtadh cosanta. Rinne sé plé le gach ceann acu agus thug chun réitigh iad. Ní bhfuarthas aon tuarascáil ar nochtadh ó bhaill foirne inmheánacha. Tá tuarascáil bhliantúil an Údaráis maidir le Nochtadh Cosanta, 2025 foilsithe ar an láithreán Gréasáin.

## Fiosrúcháin sonraí agus faisnéise

In 2025:

- rinne an tÚdarás plé le hocht bhfiosrúchán ó chomhaltaí an Oireachtais;
- sholáthair an tÚdarás faisnéis don Roinn Coimirce Sóisialaí mar fhreagairt ar 57 gCeist Pharlaiminte;
- rinne an tÚdarás plé le seacht n-iarratas um shaoráil faisnéise agus thug chun críche iad laistigh den spriocam reachtúil;
- fuair an tÚdarás seacht n-iarratas rochtana ó dhaoine is ábhar do shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus rinne plé leo;
- ní bhfuair sé aon iarraidh ar shonraí oscailte; agus
- ní dhearna sé aon tuairisc ar shárú sonraí leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

## Íocaíochtaí prasa

D’oibrigh an tÚdarás beartas íocaíochta praise 15 lá i rith na bliana agus chuir na tuairiscí ráithiúla um íocaíocht phras suas ar an láithreán gréasáin.

## Acmhainní daonna

Tá an tÚdarás tiomanta d’áit shábháilte oibre a chur ar fáil agus bíonn sé ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. Cuireann sé clár cúnaimh rúnda ar fáil d’fhostaithe, leis.

Tugann an tÚdarás an deis d’fhostaithe, trí fhoghlaim agus forbairt leanúnach, forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus ar an eolas a theastaíonn uathu ina gcuid ról chun freastal ar leas an phobail ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil. Tá an tÚdarás tiomanta infheistiú i saineolas a fhostaithe ionas gur féidir leo a ngairmeacha beatha a chur chun cinn san eagraíocht féin agus níos faide i gcéin.

In 2025, chuir an tÚdarás tús le haistriú chuig an gcreat nua cumais seirbhíse poiblí, atá deartha chun freastal ar riachtanais seirbhíse poiblí atá éagsúil agus nua-aimseartha san am i láthair agus amach anseo.

## An dualgas um chomhionannas, éagsúlacht, agus cearta daoine san earnáil phoiblí

Caitheann an tÚdarás dúthracht leis na dualgais atá air a chomhlíonadh maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna fostaithe agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint, de réir mar a cheanglaítear air faoi Dhualgas Comhionannais agus Ceart Daonna na hEarnála Poiblí (faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014).

Caitheann an tÚdarás dúthracht le hidirdhealú a sheachaint, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, chomh maith lena dhualgas earnála poiblí a chomhlíonadh ag an am céanna. Rinne an tÚdarás measúnú ar na saincheisteanna comhionannais agus ceart daonna a bhaineann lena fheidhm agus é sásta go bhfuil a dhualgas earnála poiblí á chomhlíonadh ag an Údarás. Tá grúpa oibre comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe i bhfeidhm chun gníomhartha cuí a mheas agus a shainaithint d’fhonn tacú le comhionannas agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ceart daonna. Tá cóip de ‘Mheasúnú agus plean gníomhaíochta an Údaráis ar dhualgas na hearnála poiblí i leith comhionannais agus cearta daonna, 2025–2027’ ar fáil ar an láithreán gréasáin.

In 2025, i measc na n-éachtaí a rinneadh chun tacú le comhlíonadh leanúnach dhualgas earnála poiblí an Údaráis, cuireadh iniúchadh seachtrach ar chultúr na heagraíochta i gcrích. Bhí torthaí an iniúchta an-dearfach, agus thángthas ar an tuairim go leanann an tÚdarás de chultúr eagraíochtúil dearfach agus tacúil a léiriú, agus gealltanais láidre tugtha aige i leith fholláine, eitic agus éagsúlacht na bhfostaithe. Chuir an tÚdarás oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad in 2025 ar an bhfeasacht ar an néara-éagsúlacht ag an obair agus ar an meabhairshláinte agus chearta an duine san ionad oibre.

Leanfaidh an tÚdarás de chultúr rannpháirtíochta agus ionchuimsithe san ionad oibre a chur chun cinn trí dhul i mbun plé, nuair is ábhartha agus iomchuí, le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon ar ábhair a bhaineann le cearta an duine, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Déanann an tÚdarás monatóireacht i rith na bliana ar an gcaoi a gcomhlíonann sé oibleagáidí earnála poiblí um chearta daonna, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú trí athbhreithniú a dhéanamh ar aon nótaí inmheánacha nó seachtracha, fiosrúcháin nó gearáin a fhaightear ar na hábhair sin, agus trí dhul i ngleic leo.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil sé de cheart ag an bpobal a gcuid gnó a dhéanamh linn ina rogha teanga, cibé acu Gaeilge nó Béarla. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá an pobal i dteideal seirbhísí ar leith a fháil trí Ghaeilge, lena n-áirítear freagra ar chomhfhreagras i nGaeilge agus fáil ar an gcuid is mó d'fhoilseacháin mhóra i nGaeilge, m.sh., Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis. Tá an tÚdarás tiomanta do sheirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil sa Ghaeilge ós í an teanga náisiúnta agus an phríomhtheanga oifigiúil í. Tugann an tÚdarás spreagadh agus tacaíocht d'fhostaithe tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge. Ó 2021 i leith, tá tacaíocht tugtha ag an Údarás do 20 ball foirne dul faoi oiliúint sa Ghaeilge.

## An gníomhú ar son na haeráide agus úsáid fuinnimh

Tá an tÚdarás tiomanta do Straitéis na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus do Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh. Tá Treochlár an Údaráis um Ghníomhú ar son na hAeráide foilsithe ar an láithreán gréasáin. Leagtar amach sa Treochlár an chaoi a mbainfidh an tÚdarás amach na spriocanna a leagtar síos i Sainordú an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide.

## Éifeachtúlacht fuinnimh

Is é an leictreachas an t-aon fhoinse fuinnimh a úsáidtear san Údarás. Ba é 113,454 kWh an méid iomlán fuinnimh a d'úsáid an tÚdarás in 2025, méadú ar an méid a úsáideadh in 2024 (97,325 kWh). Ba é 25,670 kg CO2 an méid iomlán astaíochtaí CO2 a bhain le fuinneamh in 2025, méadú beag ar an bhfigiúr in 2024 (25,592 kg CO2). Tuairiscítear rátaí tomhaltais fuinnimh an Údaráis trí Chóras Faireacháin agus Tuairiscithe Earnála Poiblí an SEAI.

## Fritháirimh charbóin

Comhlíonann an tÚdarás na nósanna imeachta éigeantacha agus an mhodheolaíocht a leagtar amach i gCiorclán 01/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin chuig na ranna rialtais, oifigí agus gníomhaireachtaí rialtais go léir, maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le taisteal aeir oifigiúil a thaifeadadh, agus monatóireacht agus luacháil a dhéanamh orthu laistigh de bhliain féilire amháin. Ag teacht leis sin, rinneamar íocaíocht chomhfhreagrach leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, bunaithe ar an ráta cánach carbóin a bhí i réim.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Cheadaigh an Rialtóir Pinsean an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2025 i gcomhréir le hoibleagáidí an Údaráis faoi Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide, 2024. Dírítear sa treochlár ar ár spriocanna, ár ndaoine, ar an mbealach a n-oibrímid agus ar ár bhfoirgneamh. Chuir foireann ghlas an Údaráis um ghníomhú ar son na haeráide tionscnaimh inbhuanaitheachta agus bainistiú freagrach acmhainní chun cinn i rith 2025, agus tá beartais i bhfeidhm maidir le hathchúrsáil, bainistiú agus diúscairt dramhaíola, agus úsáid éifeachtúil fuinnimh agus uisce.

Tá an tÚdarás ag cloí leis na treoirlínte ón Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le soláthar poiblí glas. Ó 2025 i leith, tá an tÚdarás ag fáil ríomhairí glúine athmhonaraithe in ionad ríomhairí glúine nua a cheannach, rud a laghdóidh dramhaíl leictreonach. Le blianta beaga anuas, tá an tÚdarás tar éis formhór a fhreastalaithe fisiciúla a bhogadh chuig meaisíní fíorúla agus néalbhonneagar. Tá an líon beag freastalaithe fisiciúla atá fágtha níos nuaí agus níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, agus tá beartais spárála cumhachta i bhfeidhm orthu.

# COISTE AN ÚDARÁIS

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) mar chuid den timpeallacht rialaithe laistigh den Údarás. Tá sé de chúram ar an gCoiste maoirseacht agus comhairle neamhspleách a sholáthar don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta, mar aon le hiontaofacht agus trédhearcacht i ndáil le tuairisciú airgeadais.

Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais laethúil na heagraíochta, atá faoi dhualgas an Fheidhmeannais. Tacaíonn an Coiste leis an Údarás agus é ag comhlíonadh a fhreagrachtaí rialachais. Go háirithe, déanann an Coiste monatóireacht neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta agus an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach.

## Ballraíocht an Choiste

Cúigear comhaltaí atá ar an gCoiste: Cathaoirleach neamhspleách, beirt chomhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin, ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ionadaí ón Roinn Airgeadais.

## Sceideal tinrimh

Leagtar amach thíos an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste in 2025.

| Cruinnithe an Choiste in 2025<br>Líon na gcruinnithe a tionóladh: 4 | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Freastal** |
| Patricia Barker | Cathaoirleach | 4/4 |
| Odelle Coogan | Ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí | 4/4 |
| Sarah Murphy | Ionadaí na Roinne Airgeadais | 3/4 |
| Cliodhna Judge | Comhalta neamhspleách neamhfheidhmiúcháin | 3/4 |
| Conor Sexton | Comhalta neamhspleách neamhfheidhmiúcháin | 4/4 |

## Cairt an Choiste

Tá téarmaí tagartha an Choiste sin leagtha amach ina Chairt. Rinne an Coiste an t-athbhreithniú bliantúil ar a Chairt in 2025, agus cheadaigh an tÚdarás an chairt nuashonraithe an 9 Nollaig 2025.

## Obair an Choiste in 2025

Rinne an Coiste, agus riachtanais a fheidhm chomhairleach á gcomhlíonadh aige, measúnú ar fheidhmiú phríomhghnéithe na gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san Údarás in 2025. Reáchtáil an Coiste a chruinnithe ar an láthair agus tugadh tacaíocht le go mbeifí in ann freastal orthu ar líne nuair ba ghá i gcaitheamh 2025.

## Iniúchadh inmheánach

D'fhaomh an Coiste clár oibre iniúchóireachta inmheánaí na bliana 2025 ar a raibh an méid seo a leanas:

- athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha san Údarás;
- athbhreithniú ar chultúr eagraíochtúil an Údaráis; agus
- athbhreithniú ar mhaoirseacht réamhbhreathnaitheach rioscabhunaithe an Údaráis.

Bhuail an Coiste leis na hiniúchóirí inmheánacha chun torthaí an iniúchta a phlé agus rinne sé monatóireacht ar an gcaoi ar chuir an Feidhmeannas moltaí iniúchta i bhfeidhm le linn 2025.

## Iniúchadh seachtrach

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir seachtrach an Údaráis. Rinne Moore Ireland an t-iniúchadh seachtrach in 2025 thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. D'eisigh an tArd-Reachtaire tuairim iniúchóra neamhcháilithe maidir le ráitis airgeadais an Údaráis, 2024. Bhuail an Coiste leis na hiniúchóirí seachtracha chun torthaí an iniúchta a phlé agus rinne monatóireacht ar an gcaoi a raibh an Feidhmeannas ag cur na moltaí iniúchta chun feidhme i rith 2025.

## Maoirseacht airgeadais

Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais agus oibríochtaí laethúla na heagraíochta, atá faoi chúram an Fheidhmeannais. Le linn 2025, rinne an Coiste athbhreithniú ar na cuntais ráithiúla bhainistíochta, agus rinne sé scrúdú ar na cúiseanna a bhí le haon imeacht ábhartha ón gcaiteachas pleanáilte, rud a pléadh leis an bhFeidhmeannas chomh maith. Rinne an Coiste athbhreithniú ar infheistíochtaí an Údaráis gach ráithe. Choinnigh an Coiste maoiniú an Údaráis amach anseo mar mhír sheasta ar a chlár oibre i rith 2025. Rinne an Coiste monatóireacht ar shreafaí airgid an Údaráis amach anseo i bhfianaise mórchaiteachas caipitil a bheith pleanáilte agus fuair sé tuairiscí ar dhul chun cinn na dtionscadal ábhartha.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar dhréachtbhuiséad 2026 ag an gcruinniú coiste i mí na Samhna agus thug aiseolas don Údarás ina leith.

## Bainistíocht riosca

Déanann an Feidhmeannas clár rioscaí a thiomsú agus a bhainistiú agus sainaithníonn sé na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus na bearta atá á ndéanamh ag an bhFeidhmeannas, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Thug an Coiste aiseolas don Údarás ar a athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí. Tá an Coiste deimhin go raibh an próiseas chun príomhrioscaí a aithint, iad a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu láidir go leor lena chinntiú go raibh córas éifeachtach bainistíochta riosca i bhfeidhm san Údarás in 2025.

## Rialachas corparáideach

In 2025, fuair an Coiste tuairiscí chun dáta ón Rialtóir Pinsean ar ghníomhaíochtaí maoirseachta an Údaráis agus ar chúrsaí eile amhail EIOPA, forbairt córas TF, tionscadail bainistíochta sonraí, ioncam ó tháillí, comhdhlúthú scéimeanna pinsin agus an t-uathrollú.

Is gnás go dtagann an Coiste le chéile ar feadh gearrthréimhse gan aon chomhalta den Fheidhmeannas a bheith i láthair, ag deireadh gach ceann dá chuid cruinnithe.

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc faoi bhráid an Údaráis tar éis gach ceann dá chruinnithe in 2025. Chomhlíon an Coiste a oibleagáidí faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2025.

Agus ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh aige, rinne an Coiste measúnú ar a fheidhmíocht féin in 2025. Rinne Board Excellence meastóireacht sheachtrach ar éifeachtacht an Choiste in 2025 agus deimhníodh go gcomhlíonann an Coiste a dhualgais don bhord agus go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach.

## Plean do 2026

Is eol don Choiste i gcónaí an iliomad rioscaí atá ann don Údarás go leanúnach agus dul chun cinn á dhéanamh aige le maoirseacht réamhbhreathnaitheach rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm mar a éilítear le hAcht na bPinsean. Déanfar monatóireacht leanúnach ar na rioscaí sin i rith 2026.

Leanfaidh forbairt leanúnach na gcóras sonraí agus an bhonneagair TF (IPS) — forbairt atá riachtanach chun tacú le hobair mhaoirseachta an Údaráis agus chun na hoibleagáidí méadaithe tuairiscithe sonraí a chomhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE araon — de dhúshláin agus de rioscaí nua a chruthú don Údarás sa bhliain amach romhainn. Déanfaidh an Coiste dlúthmhaoirseacht orthu sin freisin i rith 2026.

Chomh maith leis an gclár oibre a leagtar amach ina Chairt, déanfaidh an Coiste faireachán ar an tionchar a bheidh i gceist leis na dúshláin sin ó thaobh córas láidir rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca a choinneáil laistigh den Údarás agus na n-acmhainní airgeadais a bhíonn ar fáil ag an Údarás.

## Tátal

Tá an Coiste sásta go bhfuil córas daingean rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta airgeadais curtha ar bun san Údarás. Tá sé sásta chomh maith go bhfuil córas iomchuí i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht riosca éifeachtach san Údarás. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht leanúnach ar na córais seo.

Tá tuarascáil bhliantúil iomlán an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca do 2025 ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Patricia Barker

**Patricia Barker**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

## Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Pinsean a cuireadh ar bun de bhun Acht na bPinsean, 1990, arna leasú (an tAcht). Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in alt 10 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach don Aire Coimirce Sóisialaí. Tá an tÚdarás freagrach as dea-rialachas a chinntiú laistigh den eagraíocht agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chomhaontú leis an bhFeidhmeannas agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist ghnó phríomhúil. Ní mór don Rialtóir Pinsean agus don fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan a leanúint arna chomhaontú leis an Údarás, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

## Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach go comhchoiteann as gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh. Déanann sé freagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil an Údaráis a tharmligean don Rialtóir Pinsean agus don Fheidhmeannas. Ní scaoileann a leithéid de tharmligean an tÚdarás ón dualgas maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna tarmligthe.Tá an tÚdarás freagrach as príomhfheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear an treo straitéiseach agus pleananna gníomhaíochta móra a athbhreithniú agus a threorú, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó, cuspóirí feidhmíochta a shocrú, monatóireacht ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht an Údaráis, agus maoirseacht ar mhórchaiteachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta.

I measc na mbuan-mhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás ag na cruinnithe dá chuid tá:

- coinbhleachtaí leasa,
- riosca,
- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (agus tuairisciú airgeadais san áireamh),
- tuarascáil an Rialtóra Pinsean, agus
- cinntí forfheidhmithe agus rialála.

Faoi alt 22 den Acht, ceanglaítear ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Coimirce Sóisialaí le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar míchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- ráiteas a thabhairt maidir le cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Údarás taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis ag aon am le cruinneas réasúnta, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 22 den Acht. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Tá an tÚdarás freagrach as:

- An plean bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean bliantúil ag cruinniú den Údarás an 9 Nollaig 2025. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil an 9 Nollaig 2025.

- Moladh bliantúil a thabhairt don Aire Coimirce Sóisialaí maidir le táillí CCSP agus táillí scéimeanna pinsin ceirde.
- A chuid sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2025.

## Gnóthas leantach

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na sreafaí airgeadais don bhliain atá le teacht, agus tá sé sásta go mbeidh cistí leordhóthanacha ar fáil lena chinntiú go leanfaidh an tÚdarás d'fheidhmiú mar ghnóthas leantach as seo go ceann i bhfad.

## Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de chathaoirleach agus beirt ghnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Coimirce Sóisialaí gach duine acu. Maireann ceapachán chun an Údaráis ar feadh tréimhse suas le cúig bliana. Tá comhaltaí incháilithe le haghaidh athcheapacháin. Tagann comhaltaí an Údaráis le chéile beagnach gach sé seachtaine de réir sceideal cruinnithe arna chomhaontú ag tús gach bliana.

Sonraítear sa tábla thíos dáta ceapacháin chomhaltaí an Údaráis.

| Comhalta an Údaráis | Ról | Dáta ceaptha |
|---|---|---|
| Fiona Tierney* | Cathaoirleach | 13 Aibreán 2026 |
| Michael McGrath | Ionadaí an Aire Airgeadais | 17 Feabhra 2020 |
| Deirdre Shanley | Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí | 06 Márta 2024 |

**Cheap an tAire Coimirce Sóisialaí, Dara Calleary TD, Fiona Tierney ina Cathaoirleach ar an Údarás Pinsean go ceann téarma cúig bliana le héifeacht ón 13 Aibreán 2026. Chuaigh Fiona i gcomharbas an Dr David Begg, a bhí ina Chathaoirleach ó mhí Eanáir 2016.*

## Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Údaráis le haghaidh 2025 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach comhalta.

| Cruinnithe an Údaráis in 2025<br>Líon na gcruinnithe a tionóladh: 9 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm | Post | Líon na gcruinnithe ar ar fhreastail | Táillí 2025 € | Costais 2025 € |
| David Begg | Cathaoirleach | 9/9 | 20,520 | 0 |
| Michael McGrath | Ionadaí an Aire Airgeadais | 9/9 | 0 | 0 |
| Deirdre Shanley | Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí | 8/9 | 0 | 0 |

## Cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird

Is iad na triúr comhaltaí de Bhord an Údaráis Pinsean:

- Cathaoirleach.
- Gnáthchomhaltaí – ionadaí ar an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ionadaí ar an Roinn Airgeadais.

Amhail an 31 Nollaig 2025, ba mhná iad 33.3% de na comhaltaí agus b'fhir iad 66.7% díobh. Mar sin, níor chomhlíon an tÚdarás an sprioc sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag fir agus mná araon mar chomhaltaí de Bhoird Stáit.

Is ar an Aire Coimirce Sóisialaí atá cúram na gceapachán chuig an Údarás. Maidir le haon cheapachán a dhéanfar amach anseo san Údarás, tarraingeoidh an cathaoirleach aird an Aire ar an gcothromaíocht inscne atá ann faoi láthair ar Bhord an Údaráis.

Ó bunaíodh an tÚdarás (ar a dtugtaí an Bord Pinsean an tráth sin) in 1990, bhí 29 bean agus 39 fear ina ngnáth-chomhaltaí ar an mBord go dtí seo. In 2013, athraíodh comhdhéanamh an bhoird ó 17 gcomhalta go triúr leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013. Ina theannta sin, bhí triúr ban agus ceathrar fear ina gcathaoirleach ar an Údarás go dtí seo ó bhí 1990 ann.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag an Údarás ar a bhfuil cúigear comhaltaí, cathaoirleach neamhspleách ina measc.

Is é ról an Choiste comhairle neamhspleách a thabhairt don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta na gcóras rialachais san eagraíocht mar aon le hiontaofacht maidir le tuairisciú airgeadais.

Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht laethúil na heagraíochta ag an bhFeidhmeannas. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar maoirseacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh.

Tar éis gach ceann dá chruinnithe, tugann an Coiste tuairisc fhoirmiúil don chéad chruinniú eile den Údarás. Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil bhliantúil ar fáil. Déanann an tÚdarás an tuarascáil a fhaomhadh agus foilsítear ar láithreán gréasáin an Údaráis í.

Seo a leanas comhaltaí an Choiste ag deireadh 2025:

- Patricia Barker, Uasal, Cathaoirleach (neamhspleách).
- Cliodhna Judge, Uasal, gnáthchomhalta (neamhspleách).
- An tUasal Conor Sexton, gnáthchomhalta (neamhspleách).
- Sarah Murphy, Uasal, gnáthchomhalta (ionadaí don Roinn Airgeadais).
- Odelle Coogan, Uasal, gnáthchomhalta (ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí).

## Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste le haghaidh 2025 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach comhalta.

| Cruinnithe an Choiste in 2025<br>Líon na gcruinnithe a tionóladh: 4 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm | Post | Líon na gcruinnithe ar ar fhreastail | Táillí 2025 € | Costais 2025 € |
| Patricia Barker | Cathaoirleach | 4/4 | 1,609 | 0 |
| Cliodhna Judge | Gnáthchomhalta | 3/4 | 1,414 | 0 |
| Conor Sexton | Gnáthchomhalta | 4/4 | 1,414 | 271 |
| Sarah Murphy | Ionadaí na Roinne Airgeadais | 3/4 | 0 | 0 |
| Odelle Coogan* | Ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí | 4/4 | 0 | 0 |

**D'éirigh Odelle Coogan as an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 21 Eanáir 2026. Ceapadh Pauric Higgins chun an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar ionadaí don Roinn Coimirce Sóisialaí go ceann téarma trí bliana le héifeacht ón 21 Aibreán 2026.*

## Prionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin

Ní bhfuair na comhaltaí a leanas aon táille ón Údarás ná ón gCoiste faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin':

- Michael McGrath.
- Deirdre Shanley.
- Odelle Coogan.
- Sarah Murphy.

# NOCHTAÍ A ÉILÍTEAR FAOIN gCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), arna fhoilsiú i mí Lúnasa 2016.

Teastaíonn na nochtaí seo a leanas faoin gCód:

## Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá sonraí maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 agus costais thuarastail an phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i nóta 3 sna ráitis airgeadais.

## Costais chomhairleachta

Cuimsítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe leo.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 159,327 | 304,982 |
| Caiteachas TFC | 1,289,727 | 1,184,460 |
| Tacaíocht d'imscrúduithe agus do chomhlíonadh | 89,451 | 122,293 |
| Eile | 40,145 | 0 |
| **Costais chomhairleachta iomlána** | **1,578,650** | **1,611,735** |
| | **2025<br>€** | **2024<br>€** |
| Costais chomhairleachta arna gcaipitliú[1] | 1,250,591 | 1,184,460 |
| Costais chomhairleachta a chuirtear chun dochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 328,059 | 427,275 |
| **Iomlán** | **1,578,650** | **1,611,735** |

## Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí

Soláthraítear miondealú leis an tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas san áireamh leis sin a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta arna fáil ag an Údarás atá nochta i gcostais chomhairleachta thuas.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlíthiúla | 130 | 0 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Socraíochtaí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **130** | **0** |

*[1] I gcás €1,250,591 de na costais chomhairleachta arna gcaipitliú, baineann siad le tionscadail forbartha TF. Leagtar amach i nóta 11 iad agus déantar iad a chaipitliú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in FRS102.*

## Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Náisiúnta** | | |
| - Comhaltaí an Údaráis | 0 | 0 |
| - Fostaithe | 3,572 | 2,129 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Comhaltaí an Údaráis | 0 | 0 |
| - Fostaithe | 19,568 | 17,392 |
| **Iomlán** | **23,140** | **19,521** |

## Caiteachas fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas leis an gcuntas ioncaim agus caiteachais:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas d'fhostaithe[2] | 11,288 | 8,807 |
| Fáilteachas do chliaint | 2,556 | 1,303 |
| **Iomlán** | **13,844** | **10,110** |

## Ráiteas um chomhlíonadh

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun comhlíontacht ina leith a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain 2025.

**Fiona Tierney**
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2026

**Brendan Kennedy**
Rialtóir Pinsean
24 Meitheamh 2026

[2] *San áireamh leis sin, tá ranníocaíocht an fhostóra le coiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile.*

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

## Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Aithnímse, thar ceann an Údaráis, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar na riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

## Cuspóir chóras an rialaithe inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Iniúchóireacht agus bainistíocht riosca

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ag an Údarás freisin, ag a bhfuil acmhainní imleora agus a chuireann clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an gCoiste.

Tá beartas bainistíochta riosca ag an Údarás, lena leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne an tÚdarás an beartas agus na próisis bainistíochta riosca a fhaomhadh. Eisíodh an beartas do gach fostaí a bhfuiltear ag dúil go n-oibreoidh siad laistigh de phróisis bainistíochta riosca an Údaráis

## Creatlach riosca agus rialaithe

Tá clár rioscaí ag an Údarás ina sainaithnítear príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh, a oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinneadh meastóireacht ar na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus rangaíodh iad de réir a suntais. Déanann an lucht ardbhainistíochta, an Coiste agus an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár rioscaí go ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le leibhéal comhfhreagrach cuntasachta.
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar rialuithe inmheánacha

Tá gnáthaimh fhoirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a réiteach, don lucht bainistíochta, don Choiste agus don Údarás, más cuí, go pras. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú ráithiúil ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Socrú don obair hibrideach atá i bhfeidhm faoi láthair

Thug an tÚdarás socrú oibre hibridí isteach i mí Iúil 2022. Tríd is tríd, lean na fostaithe orthu ag obair go gairmiúil agus go rathúil, agus d'éirigh leo gach obair thosaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear obair mhaoirseachta ó lá go lá agus freagraí a thabhairt ar fhiosrúcháin ar an teileafón agus ar líne. Coinníodh na rialuithe airgeadais go léir ar bun agus d'oibrigh córais TF, an fheidhm earcaíochta agus an fheidhm soláthair go héifeachtach le linn na tréimhse sin.

## An tionscadal forbartha bogearraí, an Córas Pinsean Comhtháite (IPS)

Tá tionscadal forbartha bogearraí IPS le cur in ionad phríomhchóras TF an Údaráis. Ag deireadh na bliana i mí na Nollag 2025, bhí an tionscadal ar an mbóthar ceart agus laistigh den bhuiséad athbhreithnithe le dul beo in R2 2026. Ba é €3.9 milliún costais réamh-mheasta an tionscadail. Meastar gur €1 milliún atá i gceist leis na costais d'acmhainní foirne inmheánaí don tionscadal IPS ó 2024 go dtí deireadh R2 2026.

I ndiaidh fhoilsiú an chláir chomhardaithe, in R2 2026, tháinig fadhbanna aistrithe sonraí chun cinn i dtionscadal IPS agus, dá dheasca sin, cuireadh an dáta eisiúna siar go mí Mheán Fómhair 2026. Meastar go mbeidh costais bhreise €333k ar obair forbartha arna déanamh ag acmhainní seachtracha TFC, chomh maith le costas breise €131k ar an bhfoireann inmheánach. Cheadaigh Bord an Údaráis an amlíne leasaithe agus na pleananna caiteachais athbhreithnithe le haghaidh thionscadal IPS ag a chruinniú i mí na Bealtaine 2026.

## Cúrsaí Soláthair

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go ndéantar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chomhlíonadh.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Is í obair na n-iniúchóirí, idir inmheánach agus sheachtrach, a chuireann bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tá lucht bainistíochta sinsearaí san Údarás freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2025 an 31 Márta 2026.

## Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

### Soláthar neamhiomaíoch

I mí na Bealtaine 2025, cheadaigh an tÚdarás go gcuirfí síneadh bliana leis an gconradh le Emagine um acmhainní seachtracha TFC a sholáthar chun forbairt an IPS nua a chríochnú le caiteachas breise €1 milliún ar a mhéad (lena n-áirítear CBL ag 23%). Mionathrú ceadaithe faoi Rialachán 72 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí Údarás Poiblí), 2016, atá sa chur chuige seo.

Bunaithe ar an spriocdháta seachadta geallta an 30 Meitheamh 2026 (a bhí i bhfeidhm ag an am sin) do IPS 1.0, cinntíonn an cur chuige seo leanúnachas na gconraitheoirí atá ann cheana féin, nach gcuirfear isteach ar amlínte reatha an tionscadail agus go mbeidh na hacmhainní tacaíochta céanna agus riachtanacha i bhfeidhm le linn na tréimhse hipearchúraim díreach tar éis dul beo IPS 1.0. D'aontaigh an conraitheoir reatha leis an síneadh bliana bunaithe ar na téarmaí agus na costais chéanna atá i bhfeidhm faoi láthair.

In R1 2026, chuir an tÚdarás tús le próiseas soláthair agus úsáidfidh sé creat acmhainní TFC na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) chun teacht ar sholáthraí le tacaíochtaí acmhainne seachtraí TFC a sholáthar amach anseo a luaithe a bheidh IPS 1.0 beo agus ag feidhmiú go cobhsaí.

Beidh na tacaíochtaí acmhainne TFC sin ag teastáil chun breiseanna agus feidhmiúlachtaí a chur ar fáil amach anseo ar chroíchlárlann sonraí pinsin IPS. Is í an straitéis sonraí a bheidh ag an Údarás amach anseo a chinnfidh aon bhreiseanna agus feidhmiúlacht nua, chomh maith le riachtanais sonraí eile a thiocfaidh chun cinn de réir mar a dhéanfaimid dul chun cinn ar chur chun feidhme na maoirseachta réamhbhreathnaithí rioscabhunaithe agus a chomhlíonfaimid na hoibleagáidí tuairiscithe sonraí pinsin ón AE.



**Fiona Tierney**
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2026

# TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An tÚdarás Pinsean

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 mar a éilítear de réir fhorálacha Alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim féin, tugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Pinsean amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2025 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### *Bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Pinsean agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

#### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Pinsean faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím de réir eisceachta, san aguisín leis an tuairisc seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Georgina O Mahony

**Georgina O Mahony**
**Ar son agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**25 Meitheamh 2026**

# TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE *(AR LEAN)*

## Tuairisc an Ard-Reachtaire

### Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas cé acu atá nó nach bhfuil úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas go bhféadtar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 22 d'Acht na bPinsean 1990 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíráiteas mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Bainim de thátal as a oiriúnaí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas an Údaráis Pinsean leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtaí imleor, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis Pinsean de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram an rialachais orthu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an chuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

| Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 | | | |
|---|---|---|---|
| | | **2025** | **2024** |
| | **Nótaí** | **€** | **€** |
| **Ioncam** | | | |
| Táillí ar scéimeanna pinsin ceirde | | 5,875,887 | 5,659,740 |
| Táillí ar chuntais coigiltis scoir phearsanta | | 9,672,445 | 6,532,150 |
| Ioncam eile | 2 | 99,555 | 115,172 |
| **Ioncam Iomlán** | | **15,647,887** | **12,307,062** |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach saothair | 3 | 9,262,166 | 8,070,957 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | 5 | 20,520 | 20,520 |
| Cíos agus costais oifige | 6 | 709,584 | 821,380 |
| Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann | 7 | 179,113 | 149,622 |
| Faisnéis, taighde, agus poiblíocht | 8 | 152,885 | 231,425 |
| Táillí gairmiúla | 9 | 394,377 | 641,442 |
| Riarachán ginearálta | 10 | 1,090,133 | 917,463 |
| Dímheas | 11 | 66,667 | 129,399 |
| **Iomlán an chaiteachais** | | **11,875,445** | **10,982,208** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **3,772,442** | **1,324,854** |
| Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir | | 7,425,924 | 6,101,070 |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | | 3,772,442 | 1,324,854 |
| **An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig** | | **11,198,366** | **7,425,924** |

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Fiona Tierney**
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2026

**Brendan Kennedy**
Rialtóir Pinsean
24 Meitheamh 2026

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

| Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2025 | 2024 |
| | Nótaí | € | € |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | | 3,772,442 | 1,324,854 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir[3] | 18 | 373,000 | 37,000 |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | | 5,268,000 | 603,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir | 18 | (5,641,000) | (640,000) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **3,772,442** | **1,324,854** |

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Fiona Tierney**
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2026

**Brendan Kennedy**
Rialtóir Pinsean
24 Meitheamh 2026

[3] *Léirítear le "gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir" an tionchar ar an luacháil dliteanais atá ag difríochtaí idir na toimhdí a rinneadh ag tús na bliana agus an taithí iarbhír i rith na bliana. Mar shampla, tagann gnóthachan nó caillteanas chun cinn mar thoradh ar dhifríocht idir luachanna measta agus iarbhír i gcás faisnéis bhásmhaireachta, boilsciú, boilsciú tuarastail, agus méaduithe ar phinsin.*

# RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS

| Amhail ar an 31 Nollaig 2025 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2025 | 2024 |
| | Nótaí | € | € |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 11 | 3,631,644 | 2,447,721 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Infháltais | 12 | 829,616 | 826,222 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 17 | 8,966,645 | 6,706,506 |
| | | **9,796,261** | **7,532,728** |
| **Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Méideanna Iníoctha | 13 | 729,539 | 1,054,524 |
| **Glansócmhainní reatha** | | **9,066,722** | **6,478,203** |
| **Glansócmhainní roimh shochair scoir** | | **12,698,366** | **8,925,924** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Dliteanas sochair scoir | 18 | (27,337,000) | (30,864,000) |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste | 18 | 27,337,000 | 30,864,000 |
| **Glansócmhainní tar éis sochar scoir** | | **12,698,366** | **8,925,924** |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta | 15 | 1,500,000 | 1,500,000 |
| Cúlchiste ioncaim | 15 | 11,198,366 | 7,425,924 |
| | | **12,698,366** | **8,925,924** |

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Fiona Tierney**
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2026

**Brendan Kennedy**
Rialtóir Pinsean
24 Meitheamh 2026

# RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID

| Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 | | | |
|---|---|---|---|
| | | **2025** | **2024** |
| | **Nótaí** | **€** | **€** |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid mar thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 16 | 3,411,205 | 1,163,950 |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe Ús faighte | | 99,525 | 115,173 |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | | (1,250,591) | (1,223,271) |
| Aistrithe ó chuntais taisce ghearrthéarmacha | | 0 | 0 |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa bhliain** | | **2,260,139** | **55,852** |
| | | | |
| **Réiteach an ghlansreabhaidh airgid le gluaiseacht na nglanchistí** | 17 | | |
| Méadú/(laghdú) ar ghlanchistí sa bhliain | | 2,260,139 | 55,852 |
| Glanchistí ar an 1 Eanáir | | 6,706,506 | 6,650,654 |
| Glanchistí ar an 31 Nollaig | | 8,966,645 | 6,706,506 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

### 1. Beartais chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

#### a) Faisnéis ghinearálta

Cuireadh an tÚdarás ar bun faoin Acht, agus príomhoifig aige ag Teach Verschoyle, 28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis mar a leagtar amach in alt 10 den Acht iad:

- faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Achta seo agus ar fhorbairtí i gcúrsaí pinsean i gcoitinne,
- comhairle a thabhairt don Aire, ar iarratas uaidh nó ar a chonlán féin, i dtaobh gach ní a bhaineann leis na feidhmeanna a shanntar don Údarás faoin Acht seo agus i dtaobh nithe a bhaineann le pinsin i gcoitinne,
- treoirlínte a eisiúint maidir le dualgais agus freagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna agus cóid chleachtais a eisiúint maidir le gnéithe sonracha dá chuid freagrachtaí,
- spreagadh a thabhairt le go gcuirfear saoráidí oiliúna iomchuí ar fáil d’iontaobhaithe scéimeanna,
- comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh caighdeán d’iontaobhaithe scéimeanna agus i dtaobh na caighdeáin sin a chur i ngníomh,
- tuarascáil bhliantúil, agus cibé tuarascálacha eile is dóigh leis is gá ó am go ham, a fhoilsiú, agus
- cibé tascanna a dhéanamh a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá san Údarás.

Is in euro atá na ráitis airgeadais ainmnithe.

#### b) Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

#### c) Bonn a n-ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mura bhfuil a mhalairt luaite, sa leagan amach atá faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, de réir Alt 22(1) den Acht.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais an Údaráis.

#### d) Forchúitimh ón Oireachtas

Is éard atá i bhforchúitimh ón Oireachtas ná an méid a chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil i leith na bliana chun costais na sochar aoisliúntais a d’íoc an tÚdarás a fhorchúiteamh. Aithnítear forchúitimh ón Oireachtas sa bhliain inar íocadh na pinsin bhainteacha.

#### e) Ioncam ó tháillí

i) Táillí ar scéimeanna pinsin ceirde

Bíonn na táillí iníoctha ag iontaobhaithe scéime leis an Údarás de réir alt 25 den Acht. Leagtar amach na rátaí táillí is iníoctha in Ionstraim Reachtúil Uimh. 773 agus 774 de 2021 - Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (Táillí) (Leasú), 2021.

Tá na táillí i leith grúpscéimeanna iníoctha ar bhonn na bliana reatha agus tá na táillí i leith scéimeanna aonbhaill iníoctha aon bhliain amháin i riaráiste.

Aithníonn an tÚdarás na táillí uile atá dlite mar ioncam ar bhonn na bliana féilire, agus cuirtear na táillí atá dlite i leith scéimeanna aonbhaill san áireamh mar fhéichiúnaithe ag deireadh na bliana.

ii) Táillí CCSP

Gearrtar suimeanna atá dlite i leith táillí iarratais, táirge, agus bliantúla ar sholáthróirí Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Déantar na táillí bliantúla CCSP a ríomh trí thagairt do líon na dtáirgí cláraithe ceadaithe agus do luach na gcistí atá faoi bhainistiú ag an soláthróir amhail ag deireadh na bliana roimhe.

Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 506 de 2002 - Na Rialacháin um Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (Táillí), 2002.

### f) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim ar bhonn líne dírí, ón tráth a chuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm. Feidhmítear dímheas ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos, ionas gur féidir sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe ó thaobh luach measta iarmharach, thar shaol ionchais gach catagóire cuí.

- Feabhsú ar léasacht 6⅔% 15 bliana
- Trealamh ríomhaireachta 25% 4 bliana
- Troscán oifige 12½% 8 mbliana
- Trealamh oifige 20% 5 bliana

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht a mbeadh coinne leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar laghdú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain.

### g) Léas oibriúcháin

Caitear le híocaíochtaí cíosa sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain lena mbaineann siad.

### h) Sochair scoir (féach nóta 18)

Cineál scéimeanna

Tá scéimeanna pinsin sochar sainithe seo a leanas i bhfeidhm i gcás fostaithe de chuid an Údaráis:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993, agus tá struchtúr na scéime bunaithe ar eiseamláir na Seirbhíse Poiblí (an 'Scéim Eiseamláireach').

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí – tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime (an 'Scéim Aonair').

Is é an Státchiste a mhaoiníonn sochair phinsin. Tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí as Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí an Údaráis, 1993, agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin as an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.
- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí don dá scéim gné fostaithe agus gné fostóra.
    - Tá ranníocaíochtaí fostóra do Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus don Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D.
    - Is ionann an ranníocaíocht fostóra a íocann an tÚdarás le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí.
- Tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, go seasfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bheidh siad dlite.
- Aithnítear sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha i gcomhair sochar scoir ar an Scéim Aonair ar bhonn fhorálacha alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Go bunúsach, measann an tÚdarás gur leis an Údarás féin a fhanann an oibleagáid sochair phinsin a íoc ach go bhfuil gealltanas tugtha ag an Státchiste cistí leordhóthanacha a chur ar fáil don Údarás chun oibleagáidí den sórt sin a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá sé seo ar an mbonn go n-íocann an tÚdarás ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra ar rátaí arna sonrú ag an Roinn iomchuí mar atá leagtha amach thuas.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin infhála iarchurtha ón státchiste araon, agus tá sonraí iomlána ar íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus is ann d'ioncam comhfhreagrach a sheasann d'fhorchúiteamh na n-íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha na scéime

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid le haghaidh maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste. Is iad costais phinsin sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe atá i gceist le ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

Dliteanais scéime

Tomhaistear dliteanais scéime ag luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte go dtí seo ag foireann an Údaráis ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais mar mhaoiniú sochair iarchurtha ón státchiste a mheas mar mhéid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide maidir le dliteanais na scéime pinsin.

### i) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta

Ós rud é gur comhlacht rialála reachtúil é an tÚdarás a bhfuil de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta, bíonn ar an Údarás dul chun dlí ó am go chéile.

D'fhéadfadh sé go dtarraingeodh a leithéid de chaingean costais shuntasacha ar an Údarás i gcásanna áirithe. Ní féidir a thuar cén uair a thiocfadh cásanna den sórt sin chun cinn ná cá mhéad a chosnóidís, ach tá an tÚdarás den tuairim gur stuama an rud é a leithéid de chostais a roinnt thar na blianta d'fhonn a chinntiú go mbeadh fáil ar a dhóthain acmhainní in am an ghátair.

Aistrítear suimeanna ón ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe chuig an gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta dá réir sin nuair a mheastar stuama nó riachtanach.

Aistrítear suimeanna ón gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta chuig an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe i gcás imeachtaí móra dlí, .i. caingne conspóidte san Ard-Chúirt.

### j) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní foláir don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin.

Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaol na sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara i gcás gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus chinn sé gur iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid sochair scoir

Maidir leis na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta ar chostas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. Is ionann bonn an ghnóthais leantaigh agus breithiúnas criticiúil freisin.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn tuisceana sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin, agus
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo agus dálaí i margadh an tsaothair amach anseo.

## 2. Ioncam eile

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam ó ús | 99,525 | 115,173 |
| Aisghabháil costas ionchúisimh | 0 | 0 |
| Ioncam ilghnéitheach | 30 | 0 |
| **Iomlán** | **99,555** | **115,173** |

## 3. Luach saothair

B'ionann meánlíon na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha le linn na bliana agus 100 (2024, 90) agus b'ionann an Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus 112 ag deireadh 2025 (2024, 112). Is mar seo a leanas a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus párolla:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | 7,190,846 | 6,095,824 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra | 1,276,173 | 1,117,881 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra | 765,445 | 628,194 |
| Foireann ghníomhaireachta/shealadach | 29,702 | 229,058 |
| **Iomlán** | **9,262,166** | **8,070,957** |

### Príomhfhoireann bhainistíochta

Ba iad an Rialtóir Pinsean, Ceann na nOibríochtaí (Airgeadas) agus beirt stiúrthóirí na príomhphearsana bainistíochta san Údarás in 2025. Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach fostaithe maidir le príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail[4] | 614,164 | 501,452 |

[4] *Tá na figiúirí ag teacht leis na gráid a leagtar amach i gCiorclán 16/2025. Ní áirítear ann luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá gach duine den phríomhphearsanra bainistíochta ina bhall de scéim pinsin an Údaráis agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin téarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.*

### Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe[5]

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| Raon na sochar iomlán d'fhostaithe | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2025 | 2024 |
| €60,000 | €69,999 | 19 | 16 |
| €70,000 | €79,999 | 8 | 9 |
| €80,000 | €89,999 | 11 | 8 |
| €90,000 | €99,999 | 10 | 8 |
| €100,000 | €109,999 | 3 | 3 |
| €110,000 | €119,999 | 4 | 2 |
| €120,000 | €129,999 | 2 | 1 |
| €130,000 | €139,999 | 2 | 3 |
| €140,000 | €149,999 | 0 | 0 |
| €150,000 | €159,999 | 1 | 0 |
| €160,000 | €169,999 | 0 | 0 |
| €170,000 | €179,999 | 0 | 0 |
| €180,000 | €189,999 | 0 | 1 |
| €190,000 | €199,999 | 1 | 0 |

## 4. Luach saothair an Rialtóra Pinsean[6]

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 190,606 | 184,552 |

Tá an Rialtóir Pinsean ina bhall de scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis agus ní sháraíonn a theidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim aoisliúntais eiseamláireach le sochar sainithe san earnáil phoiblí. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas.

## 5. Táillí chomhaltaí an Údaráis

| Ainm | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| David Begg - Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |

*[5] Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh.*
*[6] San áireamh i gCostais fostaithe i nóta 3. Ní raibh aon íocaíochtaí ragoibre ann in 2025.*

## 6. Cíos agus costais oifige

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos[7] | 468,400 | 712,488 |
| Táille sheirbhíse | 130,769 | 187,330 |
| Rátaí | 0 | (141,046) |
| Leictreachas | 30,497 | 27,887 |
| Glantachán | 20,675 | 23,516 |
| Cothabháil ghinearálta | 35,373 | 9,770 |
| Stóras lasmuigh den láthair | 23,870 | 1,435 |
| **Iomlán** | **709,584** | **821,380** |

Tá an tÚdarás lonnaithe in áitreabh oifigí ar an gcéad, dara agus ceathrú hurlár agus i mbonnlach ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliana, ar cuireadh tús leis an 16 Iúil 2001. Rinne an tÚdarás léas breise le haghaidh an tríú hurlár de Theach Verschoyle ón 21 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 15 Iúil 2026.

## 7. Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Oiliúint agus oideachas | 167,825 | 140,815 |
| Costais a bhaineann leis an bhfoireann[8] | 11,288 | 8,807 |
| **Iomlán** | **179,113** | **149,622** |



## 8. Faisnéis, taighde, agus poiblíocht

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta | 86,414 | 182,675 |
| Clódóireacht, foilseacháin, agus láithreán gréasáin | 66,471 | 48,750 |
| **Iomlán** | **152,885** | **231,425** |

## 9. Táillí gairmiúla

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí | 159,457 | 304,982 |
| Tacaíocht d'imscrúduithe agus do chomhlíonadh | 89,451 | 102,676 |
| Táillí ar iniúchadh inmheánach | 38,188 | 57,036 |
| Statutory audit fees | 28,000 | 26,200 |
| Recruitment | 5,151 | 28,256 |
| Other[9] | 74,130 | 122,294 |
| **Total** | **394,377** | **641,444** |

[7] *Aisiompú €200,000 de chostais trochlaithe in 2025.*
[8] *San áireamh tá ranníocaíochtaí le coiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile.*
[9] *San áireamh tá iniúchadh slándála TFC, táillí achtúireacha agus comhairle theicniúil AD.*

## 10. Riarachán ginearálta

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Costais stáiseanóireachta agus riaracháin[10] | 25,487 | 29,921 |
| Síntiúis chorparáideacha | 269,495 | 255,290 |
| Teileafón agus postas | 13,769 | 18,687 |
| Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin | 677,951 | 517,147 |
| Taisteal agus cothú[11] | 23,140 | 19,521 |
| Árachas | 76,950 | 73,793 |
| Táillí bainc | 3,341 | 3,104 |
| **Iomlán** | **1,090,133** | **917,463** |

## 11. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh[12]

| | Feabhsú ar léasacht | Trealamh ríomhaireachta | Troscán oifige | Trealamh oifige | Obair chaipitil idir lámha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | € | € | € | € | € | € |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2025 | 1,329,264 | 1,732,962 | 32,239 | 7,442 | 2,222,964 | 5,324,871 |
| Breiseanna sa bhliain | 0 | 0 | 0 | 0 | 1,250,591 | 1,250,591 |
| **Aistriú chuig trealamh ríomhaireachta** | | | | | | |
| Diúscairt sa bhliain | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2025 | 1,329,264 | 1,732,962 | 32,239 | 7,442 | 3,473,555 | 6,575,462 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2025 | 1,207,940 | 1,629,530 | 32,239 | 7,442 | 0 | 2,877,151 |
| Diúscairt sa bhliain | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Muirear don bhliain | 12,436 | 54,231 | 0 | 0 | 0 | 66,667 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2025 | 1,220,376 | 1,683,761 | 32,239 | 7,442 | 0 | 2,943,818 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 121,324 | 103,432 | 0 | 0 | 2,222,964 | 2,447,720 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2025 | 108,888 | 49,201 | 0 | 0 | 3,473,555 | 3,631,644 |

[10] *San áireamh tá táillí €4,437 a bhain le comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.*
[11] *San áireamh i gcostais taistil agus chothaithe tá:*
*a) Taisteal thar lear - €19,094 (lena n-áirítear €10,522 ar thaisteal thar lear don Rialtóir Pinsean).*
*b) Costais an Rialtóra Pinsean - €10,795 (lena n-áirítear €10,522 ar thaisteal thar lear) (2024 - €10,918).*
[12] *Áirítear leis an obair chaipitil idir lámha (WIP) obair forbartha ar Chóras Comhtháite Pinsean, rud nach bhfuil dímheas déanta air go fóill. Ní dhímheastar obair forbartha go dtí go mbíonn an tsócmhainn á húsáid. Ní dhéantar ach an obair forbartha a dhéanann conraitheoirí seachtracha a chaipitliú.*

## 12. Infháltais

| Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin: | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí | 414,772 | 481,607 |
| Réamhíocaíochtaí | 257,430 | 267,765 |
| Féichiúnaithe, eile | 157,414 | 76,850 |
| **Iomlán** | **829,616** | **826,222** |

## 13. Méideanna Iníoctha

| Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin: | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Fabhruithe creidiúnaithe | 330,630 | 532,207 |
| Pá saoire fabhraithe | 98,867 | 98,388 |
| Creidiúnaí cánach | 286,674 | 246,892 |
| Creidiúnaithe trádála | 13,368 | 177,037 |
| **Iomlán** | **729,539** | **1,054,524** |

## 14. Ceangaltais airgeadais

### (i) Ceangaltais chaipitil

Amhail an 31 Nollaig 2025, tá conradh um tharraingt anuas seirbhísí TFC i bhfeidhm don tionscadal forbartha bogearraí, an Córas Pinsin Comhtháite (IPS). Níl aon ghealltanas caiteachais ann sa chonradh, ach amhail ar an dáta a síníodh na ráitis airgeadais, níl sé ar intinn deireadh a chur leis an tionscadal IPS agus meastar go bhfuil €1m le caitheamh fós.

**Léasanna oibriúcháin**

Is mar seo a leanas atá na ceangaltais a bhí le híoc ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal:

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Laistigh de 1 bhliain amháin | 369,793 | 677,131 |
| 2-5 bliana | 0 | 369,793 |
| Os cionn 5 bliana | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **369,793** | **1,046,924** |

Aithnítear íocaíochtaí léasa mar chostas.

## 15. Cúlchistí ioncaim

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| **Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta** | | |
| Amhail ag tús na bliana agus ag a deireadh | 1,500,000 | 1,500,000 |
| **Cúlchiste ioncaim** | | |
| Ag deireadh na bliana | 11,198,366 | 7,425,924 |
| **Iomlán** | **12,698,366** | **8,925,924** |

## 16. Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | 3,772,442 | 1,324,854 |
| **Míreanna nach míreanna oibriúcháin iad** | | |
| Ioncam airgeadais | (99,525) | (115,173) |
| **Míreanna nach míreanna airgid iad** | | |
| Dímheas | 66,667 | 129,399 |
| (Méadú)/laghdú ar infháltais | (3,394) | 292,461 |
| Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha neamhchaipitil | (324,985) | (467,591) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 0 | 0 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid mar thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **3,411,205** | **1,163,950** |

## 17. Anailís ar athruithe ar shreafaí airgid

### Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | Amhail ar an 1 Eanáir 2025<br>€ | Sreabhadh airgid<br>€ | Amhail ar an 31 Nollaig 2025<br>€ |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 696,632 | 1,662,792 | 2,359,424 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 6,009,874 | 597,347 | 6,607,221 |
| **Iomlán** | **6,706,506** | **2,260,139** | **8,966,645** |

## 18. Cur chuige cuntasaíochta i leith sochair scoir

Tá dhá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm d'fhostaithe an Údaráis (féach nóta 1 (h) le tuilleadh sonraí a fháil).

### a) Luacháil achtúireach

Choimisiúnaigh an tÚdarás luacháil achtúireach ar dhliteanais sochar scoir faoi FRS102 ag dáta an ráitis ar staid an airgeadais agus ar chostas na sochar (costais seirbhíse) a fhabhraítear i rith na bliana. Bunaíodh an luacháil sin ar mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus bhí na heochairthoimhdí airgeadais seo a leanas mar bhunphrionsabal ann (déantar comparáid le 2024):

| | 31 Nollaig 2025 | 31 Nollaig 2024 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine[13] | 4.20% p.a. | 3.50% in aghaidh na bliana |
| Ráta boilscithe | 2.10% in aghaidh na bliana | 2.30% in aghaidh na bliana |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc | 3.10% in aghaidh na bliana | 3.30% p.a. |
| Méadú ar thuarastail inphinsin[14] | 3.10% in aghaidh na bliana | 3.30% p.a. |

*[13] Sonraítear an ráta lascaine faoi FRS102 agus tá sé bunaithe ar an bhfáltas ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin ar an dáta luachála.*
*[14] Rinneadh lamháltas breise do scálaí pá na hearnála poiblí i gcás inarb infheidhme.*

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí déimeagrafacha a úsáideadh chun na dliteanais sochair scoir a ríomh faoi FRS102 ag tús agus ag deireadh na tréimhse:

| | 31 Nollaig 2025 | | 31 Nollaig 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| Básmhaireacht: roimh dhul ar scor | Ceann ar bith | | Ceann ar bith | |
| Básmhaireacht: tar éis dul ar scor | 58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh | | 58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh | |
| Ionchas saoil ag aois 65: | Fireannach | Baineannach | Fireannach | Baineannach |
| Dáta FRS: | 22.5 | 24.8 | 22.4 | 24.7 |
| Dáta FRS + 20 bliain: | 24.8 | 26.8 | 24.7 | 26.7 |
| Scor | Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir. | | Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir. | |
| Bearna san aois | Glactar leis go bhfuil baill fir 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil baill mhná 3 bliana níos óige ná a céile. | | Glactar leis go bhfuil baill fir 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil baill mhná 3 bliana níos óige ná a céile. | |

**b) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar chaiteachas**

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomláin an fhostóra | 1,296,426 | 1,123,331 |
| Coigeartuithe d'fhostaithe ar iasacht agus aistrithe | 0 | 0 |
| Costas reatha na seirbhíse[15] | 1,567,000 | 1,468,000 |
| Costas úis | 1,071,000 | 1,045,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha an Státchiste | (2,638,000) | (2,513,000) |
| **Méid iomlán a chuirtear chun dochar an ráitis ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe** | **1,296,426** | **1,123,331** |

**c) Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin**

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsin ar an 1 Eanáir | 30,864,000 | 29,528,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,567,000 | 1,468,000 |
| Costas úis | 1,071,000 | 1,045,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | (373,000) | (37,000) |
| Athrú sna toimhdí | (5,268,000) | (603,000) |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | (524,000) | (537,000) |
| **Glandliteanas pinsean ar an 31 Nollaig** | **27,337,000** | **30,864,000** |

*[15] San áireamh tá ranníocaíochtaí fostaithe arbh fhiú €593,959 san iomlán iad in 2025 agus €512,094 san iomlán in 2024.*

### d) Coigeartuithe achtúireacha

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | (373,000) | (37,000) |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | (5,268,000) | (603,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir | 5,641,000 | 640,000 |

### e) Asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais

Is mar seo a leanas a bhí iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | 1,296,426 | 1,123,331 |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí[16] | 366,744 | 306,028 |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise | 227,215 | 206,066 |
| **Iomlán** | **1,890,385** | **1,635,425** |

**Miondealú ar íoc asbhaintí pinsean**

Tá miondealú sa tábla thíos ar íocaíochtaí na n-asbhaintí pinsean.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **An Roinn Coimirce Sóisialaí** | | |
| - Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | 585,546 | 593,399 |
| - Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí | 130,240 | 128,721 |
| - Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise | 227,215 | 206,066 |
| **An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin** | | |
| - Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | 710,880 | 529,932 |
| - Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí | 236,504 | 177,307 |
| **Iomlán** | **1,890,385** | **1,635,425** |

### f) Fáltais agus íocaíochtaí Aoisliúntais

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Deontas Stáit i leith íocaíochtaí pinsin[17] | 520,938 | 470,064 |
| Sochair aoisliúntais íoctha | (520,938) | (470,064) |

*[16] San áireamh i ranníocaíochtaí fostaithe i leith meas-seirbhís a ceannaíodh tá €3,877 in 2025 (€4,249 in 2024).*
*[17] Vóta 37 na Roinne Coimirce Sóisialaí, fo-cheannteideal 43.2.*

## 19. Nochtadh idirbheart

Tá Cód Cleachtais um Iompar Gnó i bhfeidhm ag an Údarás i leith comhaltaí dá chuid de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuimsítear leis an gCód um Iompar Gnó treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údaráis, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana atá cuimsithe sna ráitis airgeadais seo. Ní dhearnadh aon idirbheart airgeadais in 2025 le comhaltaí an Údaráis ach amháin na táillí Údaráis atá mionsonraithe i nóta 5 a íoc.

## 20. Dliteanais theagmhasacha

Ar dháta an chláir chomhardaithe, bhí imeacht dlí amháin ar siúl ag an Údarás.  Ní fios cén toradh a bheidh ar an gcás, agus ní féidir aon dliteanas féideartha a mheas go réasúnta. Níl aon soláthar déanta don chás sin i ráitis airgeadais 2025 dá bharr sin.

## 21. Cánachas

Tá an tÚdarás díolmhaithe ón gCáin Chorparáide de réir Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

## 22. Imeachtaí ina dhiaidh sin

Níor tharla aon teagmhas idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

## 23. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údaráis na ráitis airgeadais ar an 16 Meitheamh 2026.

**An tÚdarás Pinsean**
Teach Verschoyle, 28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KX27
Teileafón: (01) 613 1900
www.pensionsauthority.ie
ISSN 1649 8690